Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13323/25**

**RECH 412**
**SAN 579**
**BIOTECH 14**
**COMPET 928**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12838/25 |
| Ábhar: | Iarraidh ar ghníomhaíocht i ndáil leis na heolaíochtaí beatha ar mhaithe le hiomaíochas an Aontais<br>– Conclúidí ón gComhairle (arna bhformheas an 30 Meán Fómhair 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le hiarraidh ar ghníomhaíocht i ndáil leis na heolaíochtaí beatha ar mhaithe le hiomaíochas an Aontais, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4119ú cruinniú a bhí aici an 30 Meán Fómhair 2025.

**IARSCRÍBHINN**

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE HIARRAIDH AR GHNÍOMHAÍOCHT I nDÁIL LEIS NA hEOLAÍOCHTAÍ BEATHA AR MHAITHE LE hIOMAÍOCHAS AN AONTAIS

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI

– na Conclúidí ón gComhairle agus an treochlár le haghaidh straitéis maidir le heolaíochtaí beatha agus bith-theicneolaíocht[1] agus maidir le 'Eolaíochtaí saoil agus an bhith-theicneolaíocht – straitéis don Eoraip'[2];

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI

– na treoirlínte polaitiúla ón dara Coimisiún faoi Von der Leyen inar fógraíodh Straitéis leathan um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus chun teicneolaíochtaí ardluacha a fhorbairt. Ba cheart an Gníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht atá ar na bacáin, arb é is aidhm dó codanna iomlána den gheilleagar a nuachóiriú, ó fheirmeoireacht agus foraoiseacht go fuinneamh agus sláinte, a bheith mar chuid de Straitéis níos leithne um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa;

– an 'Compás Iomaíochais don Aontas' ina leagtar béim ar ról na n-eolaíochtaí beatha mar spreagadh don nuálaíocht sa bhith-theicneolaíocht, agus a bhfuil acmhainneacht mhór ann chun borradh a chur faoin iomaíochas ar fud na n-earnálacha, ón gcógaisíocht go talmhaíocht, fuinneamh, bia agus beatha.

[1] 5745/03.
[2] 12278/03.

TÁ SÉ IN AM A BHEITH UAILLMHIANACH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI uaillmhian an Choimisiúin an tAontas a chur ar an áit is tarraingtí ar domhan le haghaidh eolaíochtaí beatha faoi 2030[3]. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil na heolaíochtaí beatha ríthábhachtach chun eolas bunúsach agus nuálaíocht a chur chun cinn i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo, mar shampla, an cúram sláinte, teicneolaíochtaí leighis agus cógaisíocht, an talmhaíocht, an bithgheilleagar, na córais bia talún agus uiscigh, an bhith-theicneolaíocht, an bhithéagsúlacht agus eolaíochtaí comhshaoil. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ról ríthábhachtach ag eolaíochtaí beatha maidir le sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil a chur chun cinn, i gcomhréir le cur chuige na hAon Sláinte Amháin, agus maidir le hullmhacht agus cosc ar rioscaí agus paindéimí domhanda amach anseo a neartú. Tá eolaíochtaí saoil láidre agus nuálacha ríthábhachtach d'iomaíochas agus ceannasacht dhomhanda inbhuanaithe, agus do shlándáil agus neamhspleáchas an Aontais, chun sláinte agus folláine shaoránaigh na hEorpa a áirithiú, chun dul i ngleic leis na dúshláin chomhshaoil agus chun tacú leis an aistriú glas. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a bheith airdeallach go gcuireann an nuálaíocht sna heolaíochtaí beatha le leas an phobail, agus béim láidir á leagan ar an gcothromas maidir le rochtain, inacmhainneacht agus freagrúlacht do riachtanais sláinte poiblí agus ar chuspóirí comhshaoil an Aontais.

[3] 11257/25 – Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Roghnaigh an Eoraip do na heolaíochtaí beatha: Straitéis chun an tAontas a chur ar an áit is tarraingtí ar domhan le haghaidh eolaíochtaí beatha faoi 2030.

2. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an tAontas in iomaíocht ghéar le geilleagair eile, go bhfuil bearna nuálaíochta ann atá ag dul i méid agus go bhfuil sé ag titim chun deiridh ar iomaitheoirí domhanda maidir le táirgí nó seirbhísí a dhéanamh den taighde agus den nuálaíocht (T&N). Is dúshláin iad éiceachóras ilroinnte eolaíochtaí beatha na hEorpa agus bacainní struchtúracha, mar shampla infheistíochtaí neamhleora, go háirithe infheistíochtaí príobháideacha, lena n-áirítear in T&N agus i ngnólachtaí atá ag méadú, chomh maith le dul chun cinn teoranta teicneolaíochta agus creat rialála casta, a bhfuil gá le gníomhaíocht láithreach ina leith. TUGANN SÍ LE FIOS, chun uaillmhian 2030 a bhaint amach maidir leis an Aontas a chur ar an áit is tarraingtí ar domhan le haghaidh eolaíochtaí beatha, go gcaithfear dul i gcomhar le chéile ar fud an Aontais agus conair shoiléir a shocrú don todhchaí, le gníomhaíochtaí misniúla fianaisebhunaithe agus cur chuige pleanáilte comhordaithe ina mbeidh na páirtithe leasmhara uile agus na tionscnaimh atá ann cheana rannpháirteach. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an infheistíocht i ngach céim den slabhra luacha, idir thaighde bunúsach agus ghlacadh. IS OTH LÉI nach ngabhann peirspictíocht uaillmhianach, idirnáisiúnta leis an straitéis eolaíochtaí beatha a cuireadh i láthair.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cur chuige ionchuimsitheach iomlánaíoch atá i straitéis an Choimisiúin maidir le heolaíochtaí beatha. MOLANN SÍ don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ilroinnt na reachtaíochta agus na straitéisí ar leibhéal an Aontais a shárú agus timpeallacht nuálaíochta agus sholáimhsithe a chruthú do na páirtithe leasmhara T&N uile. AITHNÍONN SÍ gur uirlisí tábhachtacha iad Fís Eorpach, chomh maith leis na cláir réime a bhí ann roimhe seo le haghaidh T&N, agus go bhfuil siad fós ina n-uirlisí tábhachtacha chun tacú le dul chun cinn sna heolaíochtaí beatha. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tagairt do chomhpháirtíochtaí, do mhisin agus do thionscadail Eorpacha leanúnacha agus don fhaisnéis faoi infheistíochtaí reatha. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le dearcadh straitéiseach réamhbhreathnaitheach a chuirfidh leis an méid atá bainte amach agus lena bhfoghlaimeofar ceachtanna ón taithí a fuarthas, gan teacht roimh chinntí maidir le todhchaí T&N sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile. IARRAN SÍ ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar an tslándáil eacnamaíoch agus ar shlándáil taighde. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun tacaíocht leanúnach a áirithiú do na heolaíochtaí beatha ar fud na réimsí gaolmhara uile, le hionstraimí dea-nasctha feadh an tslabhra luacha, agus le gníomhaíochtaí chun bacainní riaracháin a shárú agus chun rialacháin a shimpliú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí Ciste Eorpach Infheistíochta um Eolaíochtaí Beatha a bhunú, gan teacht roimh an gcéad CAI eile, tríd an gCiste Eorpach Infheistíochta, chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil.

4. LEAGANN SÍ BÉIM AIR gur géarghá don Aontas taighde agus forbairt táirgí íocshláinte ardteiripe a chur chun cinn. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh chun líonra d'Ionaid Barr Feabhais Eorpacha a chruthú le haghaidh táirgí íocshláinte ardteiripe, chun cur leis na líonraí agus na tionscadail Eorpacha agus náisiúnta atá ann cheana. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún próiseas roghnúcháin trédhearcach agus líonra cuimsitheach oscailte a áirithiú, agus measúnú á dhéanamh ag an am céanna ar bhearta chun feabhas a chur ar inacmhainneacht na dteiripí sin agus, ar an gcaoi sin, rochtain a áirithiú d'othair.

CEANNAIREACHT I dTRIALACHA CLINICIÚLA A CHRUTHÚ

5. LEAGANN SÍ BÉIM air go gcaithfidh an tAontas dul i ngleic go práinneach leis na saincheisteanna ilghnéitheacha maidir lena sciar domhanda a bheith ag dul i laghad agus tionchar laghdaithe na dtrialacha cliniciúla a dhéantar laistigh de. Tá sé chun tairbhe d'othair agus do na heolaíochtaí beatha nuair a dhéantar trialacha cliniciúla a óstáil agus cuireann sé borradh faoi ghlacadh leighis phearsantaithe agus teicneolaíochtaí nua i gcórais cúraim sláinte an Aontais. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb iad trialacha cliniciúla ilnáisiúnta agus il-lárnaithe na réitigh is fearr chun earcaíocht othar atá comhionann ó thaobh inscne de a éascú, fianaise chliniciúil thráthúil agus láidir agus rochtain luath chothrom ar theiripí nuálacha a chur ar fáil d'othair i ngach Ballstát. Éascaíonn na trialacha sin freisin glacadh cóireálacha agus teicneolaíochtaí nua agus reatha sna seirbhísí sláinte náisiúnta gan moilleanna neamhriachtanacha, toisc go n-éascaíonn siad an measúnú ó ghníomhaireachtaí rialála agus ó chomhlachtaí um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé ríthábhachtach tacú le timpeallacht rialála chomhchoiteann cumasúcháin chun trialacha cliniciúla a chur chun feidhme ar fud an Aontais, ag tógáil ar Rialachán (AE) 536/2014[4] agus na dea-chleachtais agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéimeanna a tharla le déanaí á gcur san áireamh, agus slándáil othar agus an tsláinte phoiblí á n-áirithiú ag an am céanna. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil plean infheistíochta don taighde cliniciúil á mholadh ag an gCoimisiún, agus molann sí don Choimisiún é a chur i gcrích a luaithe is féidir, roimh dheireadh 2025 más féidir, le garspriocanna soiléire do na blianta atá le teacht. Ba cheart an plean a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, ina leagfar amach céimeanna agus freagrachtaí soiléire chun bonneagair iontaofa agus chomhtháite a bhunú chun trialacha cliniciúla a dhéanamh i gcreat éifeachtach ina n-úsáidtear struchtúir agus saineolas atá ann cheana, chun trialacha cliniciúla iltíre agus ilionaid a chomhordú agus a threisiú. Ba cheart an comhionannas inscne agus an chuimsitheacht a léiriú sa phlean agus ba cheart go gcuirfí rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine aonair chun cinn ag gach céim de thrialacha cliniciúla.

4 Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine, agus lena n- aisghairtear Treoir 2001/20/CE.

6. AITHNÍONN SÍ gur dúshlán mór é sonraí sláinte a úsáid le haghaidh T&N, agus MEASANN SÍ gur gá na constaicí atá fós ann, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le RGCS, a shárú chun a áirithiú go ndéanfar galair a chosc agus chun rochtain a thabhairt do shaoránaigh na hEorpa ar an gcúram sláinte is fearr is féidir. TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar an bhfíoras go bhfuil go leor comhpháirtíochtaí Eorpacha, bonneagair thaighde, tionscadail agus tionscnaimh eile gníomhach cheana féin ar thrialacha cliniciúla, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le sonraí. Is chéad chéimeanna tábhachtacha iad comhordú níos fearr eatarthu sin, meastóireacht chríochnúil ar a dtorthaí agus plean dá gcur chun feidhme chun teacht ar réitigh ar na dúshláin rialála a bhaineann le sonraí. Ba cheart é sin a dhéanamh agus ábhair imní eiticiúla á gcur san áireamh, agus bearta slándála comhréireacha, beachta agus éifeachtacha á n-áirithiú chun faisnéis íogair a chosaint agus chun sláine na sonraí a chaomhnú, le tacaíocht ó bhonneagair dhigiteacha láidre, shlána. TÁ SÍ AG FANACHT LE tuilleadh sonraí maidir leis an Tionól Sonraí T&N um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa atá beartaithe. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit dlús a chur le digiteáil na gcóras sláinte agus a áirithiú go dtabharfar tacaíocht leanúnach do chur chun feidhme rianúil simplí an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte, lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga (IS), chun úsáid thánaisteach sonraí sláinte a chumasú agus chun rochtain a shimpliú do thaighdeoirí agus do nuálaithe.

DEISEANNA NUA A THAPÚ AGUS SCILEANNA A ÁIRITHIÚ

7. MAÍONN SÍ gur gá deiseanna a chuirtear ar fáil le forbairtí nua i réimsí ar nós teicneolaíochtaí candamacha agus IS a ionchorprú láithreach i straitéisí eolaíochtaí beatha, chun borradh a chur faoi cheannaireacht an Aontais sna heolaíochtaí beatha agus sna teicneolaíochtaí digiteacha araon. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na scileanna is gá atá dírithe ar an todhchaí, ildisciplíneach agus idirearnálach ag an Aontas chun eolas agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a shaothrú, agus aird á tabhairt ar a thábhachtaí atá sé tógáil ar eolaíocht bhunúsach den scoth agus comhionannas inscne a chur chun cinn. TACAÍONN SÍ leis an bPlean Straitéiseach um Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice. MEASANN SÍ gur cheart gach céim den oideachas a chumhdach le cur chuige iomlánaíoch maidir le scileanna, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí náisiúnta. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh 'Roghnaigh an Eoraip don eolaíocht' chun tallann a fhorbairt, daoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil, i gcomhréir le critéar an bharr feabhais eolaíoch. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá éiceachórais timpeall ar institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí a dhéanann taighde agus bonneagair thaighde chun scileanna, nuálaíocht agus seach-chuideachtaí, gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí atá i mbun fáis a chothú, go háirithe sna heolaíochtaí beatha, áit a bhfuil teicneolaíochtaí nuálacha ag éirí níos ábhartha.

TIMPEALLACHT THARRAINGTEACH NUÁLAÍOCHTA AGUS DÉANTÚSAÍOCHTA

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá éiceachórais T & N Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha dea-fheidhmiúla do na heolaíochtaí beatha, ó thaobh úsáid na mboscaí gainimh rialála a chur chun cinn, agus tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide nuálacha. MEABHRAÍONN SÍ gur gá Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá i mbun Fáis a chur chun feidhme agus a chur i gcrích go práinneach chun tacú le príomhearnálacha Eorpacha, mar shampla, na heolaíochtaí beatha.
CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil táirgeadh áitiúil inbhuanaithe agus creat rialála atá fabhrach don nuálaíocht agus don ghnó bunriachtanach chun slándáil soláthair an Aontais a chosaint agus chun monaraíocht inbhuanaithe a chothabháil laistigh den Eoraip.
IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na dúshláin rialála a eascraíonn as úsáid na dtorthaí taighde agus na dúshláin a thagann chun cinn do chuideachtaí nuálacha sna heolaíochtaí saoil ar a mbealach chun an mhargaidh, agus bearta iomchuí a mholadh chun iad sin a shárú san Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht atá ar na bacáin, mar chuid den tionscnamh níos leithne chun an t-ualach rialála a laghdú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ón gCoimisiún maidir le hidirghabháil reachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh maidir le feistí leighis agus feistí diagnóiseacha *in vitro*. MOLANN SÍ go mbainfí úsáid níos leithne agus níos réamhghníomhaí as soláthar na nuálaíochta poiblí in earnáil na n-eolaíochtaí beatha chun borradh a chur faoi mhargaí nuálacha.

9. TÁ SÍ AG FANACHT leis an nGníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht a fógraíodh agus TATHANTAÍONN SÍ ar an Coimisiún leas a bhaint as na deiseanna leathana a chuirtear ar fáil leis an bpríomhtheicneolaíocht sin. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé tacú le T&N, chomh maith le cur i bhfeidhm na bith-theicneolaíochta ar fud na réimsí ábhartha uile inar féidir leis an teicneolaíocht sin an nuálaíocht a spreagadh. Ba cheart sineirgí idir na réimsí éagsúla a chothú ar mhaithe le tairbhí frithpháirteacha. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí a leagan amach go cothrománach ar fud bheartais an Aontais chun reachtaíocht ábhartha an Aontais agus a cur chun feidhme a chuíchóiriú a thuilleadh, chun ilroinnt a laghdú, simpliú a fheabhsú, trédhearcacht a mhéadú agus an t-am a thógann sé ar nuálaíochtaí bith-theicneolaíochta diantaighde an margadh a bhaint amach a ghiorrú, ag cloí ag an am céanna le caighdeáin chomhshaoil. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chur chuige fianaisebhunaithe agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara.
CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuirtear deis thráthúil uathúil ar fáil leis an nGníomh um an mBith-theicneolaíocht atá ar na bacáin malartuithe struchtúrtha a bhunú.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI an clár oibre straitéiseach T&N maidir le córais bhia a fógraíodh. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá córais talmhaíochta agus bhia atá iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach, a bheidh in ann slándáil bia agus rochtain ar bhia sláintiúil cothaitheach a ráthú do chách, agus ag an am céanna an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus truailliú an chomhshaoil a chomhrac, agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an clár oibre T&N maidir le córais bhia a chur i láthair roimh lár 2026 agus a áirithiú go bhforbrófar go dlúth é leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, cur chuige sistéamach a ghlacadh maidir leis an slabhra luacha, ailíniú le beartais agus tionscnaimh ábhartha an Aontais, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin rialála atá fós gan réiteach agus sainiúlachtaí réigiúnacha a mheas.
TÁ SÍ AG FANACHT freisin leis an Straitéis Bhithgheilleagair atá ar na bacáin agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach agus barrfheabhsú úsáid na bithmhaise atá ar fáil, agus dá bhrí sin, an gá atá leis an gclár oibre straitéiseach T&N maidir le córais bhia a idirnascadh leis an Straitéis Bhithgheilleagair, agus ceanglais shonracha na n-earnálacha tionsclaíocha atá ag brath ar bhunábhair bhithbhunaithe á gcur san áireamh freisin.

RIALACHAS COMHORDAITHE AGUS GLAO AR GHNÍOMHAÍOCHT

11. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún dul i mbun idirphlé agus comhordú straitéiseach maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, moil nuálaíochta, páirceanna eolaíochta agus ionaid barr feabhais atá ábhartha d’eolaíochtaí beatha a bhunú, a chothabháil, a bharrfheabhsú agus a idirnascadh, chun iarrachtaí comhchoiteanna a neartú agus neamhspleáchas T&N agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a ráthú.
MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit dul i gcomhairle leis an bhFóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde sa chomhthéacs sin. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá acmhainneacht láidir Eorpach chun seirbhísí agus táirgí a thástáil, a thriail agus a bhailíochtú agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ról na mbunachar sonraí agus na mbonneagar ceannródaíocha i ndáil leis sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an straitéis nua maidir le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta agus MEABHRAÍTEAR DI gur gá a áirithiú go mbeifear in ann sonraí FAIR (Inaimsithe, Inrochtana, Idir-inoibritheach agus In-athúsáidte) a chur ar fáil le bonneagair agus próisis agus gur féidir uirlisí nua atá bunaithe ar an intleacht shaorga a úsáid i gcomhréir leis an Straitéis um an Intleacht Shaorga atá ar na bacáin.

12. MOLANN SÍ go mbeadh ‘Grúpa Comhordaithe Eolaíochtaí Beatha’ inmheánach an Choimisiúin misniúil agus uaillmhianach ina chúram chun beartais, cistiú agus gníomhaíochtaí comhleanúnacha atá fabhrach don nuálaíocht a áirithiú laistigh d’earnáil na n-eolaíochtaí beatha agus ar fud na hearnála sin. Ba cheart don Choimisiún tuairisciú go rialta do na Ballstáit agus d’fhóram níos leithne do na páirtithe leasmhara agus dul i dteagmháil leo chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na gníomhaíochtaí is gá i dtreo uaillmhian 2030.

13. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé muinín na saoránach san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a chothú agus faisnéis chruinn a chur chun cinn, trí idirphlé i measc pháirtithe leasmhara na n-eolaíochtaí beatha, lucht ceaptha beartas agus an phobail i gcoitinne. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ón gCoimisiún maidir le stór uirlisí agus dea-chleachtas a bhunú ionas gur féidir cumarsáid eolaíochta a fheabhsú, agus for-rochtain phoiblí a thomhas. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé eolaíocht ar leibhéal an Aontais a fhorbairt do thionscnaimh bheartais le haghaidh beartais atá bunaithe ar fhianaise.